

# Splanic

Caibidil 2  
2021-2022





# Stoirm gan choinne!

Haigh a Éamoinn!

Tá súil agam go bhfuil tú go maith.  
Táimid ag treabhadh linn anseo san Uaimh.



Fan go gcloisfidh tú mo chuid nuachta. Tá a fhios ag madraí an bhaile go bhfuil an aeráid i mbéal an phobail anois.

Ach tháinig an crú ar an tairne dúinne ar an bhfeirm coicis ó shin. Creid nó ná creid, bhuaíl tornádó beag bídeach ár gceantar!



ag déanamh orainn trasna na bpáirceanna. Bhí torann ard inár gcluasa ar feadh deich nóiméad nó mar sin. Ansin, chiúnaigh an ghaoth de réir a chéile agus, gan choinne, bhí an áit chomh ciúin le reilig.

Nuair a d'oscail mo Dhaid an doras, baineadh geit as! Bhí craobhacha, duilleoga agus píosaí admhaid caite ar fud na háite. Ach ba é an rud ba mheasa ná gur baineadh an díon den scioból! Scanraíodh na ba agus na caoirigh ina mbeatha. Thóg sé seachtain iomlán orainn gach rud a chur ina cheart arís!

Slán tamall!  
Críostóir.

**tháinig an crú ar an tairne** *it came to the test*  
**guairneán** *whirlwind*

Lá fuar geimhridh a bhí ann – gan scamall sa spéir. Ansin, thart ar a deich a chlog, thosaigh an ghaoth ag éirí. Bhí go maith is ní raibh go holc go dtí gur fhéachamar amach an fhuinneog.

Cad a bhí ann ach guairneán beag dubh gaoithe

**Ceisteanna, tascanna, scéalta eile agus freagraí**



## Scagadh daoibh

- 1 Déanaigí taighde ar ghuairneáin ghaoithe ar fud an domhain. Gheobhaidh sibh neart eolais ar an idirlíon.
- 2 Bailígí eolas faoi na guairneáin ghaoithe a tharla in Éirinn le deich mbliana anuas agus roinnigí an t-eolas sin leis an rang.
- 3 Tarraing pictiúr de ghuairneán gaoithe, beag nó mór.

# Seaimpíní!

Is mise Seán Ó Dálaigh agus tá mé seacht mbliana déag d'aois. Tá cónaí orm lámh le hInis, i gContae an Chláir. Tá mé sa chúigiú bliain agus is fearr liom an iománaíocht thar aon chluiche eile. Is ball mé den chlub áitiúil agus imrím sna tosaithe. Thosaigh mé ag imirt nuair a bhí mé ocht mbliana d'aois. D'imir m'athair agus mo sheanathair iomanaíocht don chlub céanna!

Thug m'athair mé agus mo mháthair mé go dtí a lán cluichí thar na blianta. Tá mé an-bhuíoch díobh, mar Dé Sathairn seo caite, bhí lá mór ag ár scoil, Coláiste Phádraig. Bhíomar ag imirt i gceann an chontae i gcoinne Choláiste Eoin. Nuair a ghlaigh an bainisteoir amach ainmneacha na n-imreoirí, bhí mise ar an liosta mar lántosaí!



Bhí an imirt tiubh te ó cheann ceann na páirce sa chéad leath agus d'éirigh liom trí chúilín a fháil. Bhí na foirne ar comhscór ag leath ama, ach sa dara leath d'imir Coláiste Eoin go sármhaith agus bhí siad dhá chúilín chun tosaigh orainn agus gan ach trí nóiméad fágtha!

Bhí an lucht féachana ag screadaíl in ard a gcinn is a ngutha! Ansin, bhuail Liam Ó Néill, an fear lár páirce, an sliotar isteach chugamsa. Léim mé in airde agus rug mé greim daingean air. Chas mé timpeall agus, i bhfaiteadh na súl, rad mé an sliotar isteach i gcúinne na heangaí!



Léim mé san aer le háthas. Ní raibh ach nóiméad fágtha! Ansin, shéid an réiteoir an fheadóg. Bhí an cluiche thart – agus an bua ag Coláiste Phádraig. Bhíomar ar mire le háthas!

Bhronn rúnaí an chontae an corn ar chaptaen na foirne agus thug seisean óráid bhreá i nGaeilge. Bhí cóisir againn i halla na scoile an Aoine dár gcionn agus thug an bua árdú meanman don scoil agus don phobal ar fad.

## Tascanna

- 1 Téigh ar line agus déan taighde ar stair na hiomána in Éirinn.
- 2 Scríobh cuntas i nGaeilge ar lá an chluiche mhóir agus seol chuig an nuachtan áitiúil é.
- 3 Déan taighde ar an tslí a ndéantar camáin agus roinn do chuid eolais leis an rang.





## Ar saoire sa bhaile!

**Seanán** Conas a bhí an Nollaig agaibhse, a Lorcáin?

**Lorcán** Go breá, a Sheanáin. Chaitheamar ár gcuid ama sa bhaile agus bhí rogha gach bia agus togha gach dí againn go léir. Tháinig mo dheartháir, Pádraig, abhaile ó Shasana agus bhí an-chraic agam leis ar feadh seachtaine.

**Seanán** Go maith. Cogar, a Lorcáin, ceard a cheapnn tú faoin nós seo saoire an tsamhraidh a chaitheamh sa bhaile seachas dul thar lear?

**Lorcán** B'fhearr liomsa dul chuig an Spáinn, i ndáiríre. Théimis ar fad go Malaga gach bliain go dtí gur tháinig COVID-19 aniar aduaidh orainn. Is aoibhinn liom a bheith ag sú na gréine ar an trá agus dul ag snámh san fharraige, go háirithe nuair a bhíonn teas éigin san uisce.

**Seanán** Is deacair é sin a bhualadh, gan dabht, ach tá athrú tagtha ar nósanna daoine maidir le laethanta saoire anois. Chuaigh mo mhuintirse go Contae Chiarraí i mbliana, mar shampla. Bhí an aimsir go breá agus an radharc tíre go hálainn, ach bhí fadhb nó dhó againn. Mar shampla, cheap Mam agus Daid go raibh costas an lóistín agus an bhia i bhfad ró-ard – míle euro ar chíos seachtaine don teach agus níos mó na céad euro ar an dinnéar sa bhialann istoíche!

**Lorcán** Tuigim, ambaist', ach nach codanna dár dtír féin a fheiceáil den chéad uair riamh, b'fhéidir? Agus nach maith an rud é airgead a chaitheamh in Éirinn seachas é a chaitheamh i dtír iasachta éigin?

**Seanán** Tá an ceart ar fad agat, is dócha. Ar ndóigh, tá cabhair ag teastáil ó óstáin, ó bhialanna agus ó thithe tábhairne sa tír seo anois – go háirithe mar gheall ar ar fhulaing siad de bharr na paindéime.

**Lorcán** Is fíor sin. Bhí ar chuid acu na doirse a dhúnadh agus ní osclóidh cuid acu go deo arís.


## Tascanna

- 1 Déan suirbhé i do rang Gaeilge faoin nós nua, saoire a chaitheamh sa bhaile.
- 2 Déanaigí ple sa rang ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí a bhaineann le saoire sa bhaile.



## Crosfhocal daoibh!

Líonaigí isteach an ghreille thíos anois le freagraí bunaithe ar na nodanna thíos.



## Trasna

- 2 teach iteacháin (7)
- 5 bia agus leaba (7)
- 7 tréimhse seacht lá (9)
- 8 cinnte, gan \_\_\_\_\_ (5)
- 10 rud a thoghtar, \_\_\_\_\_ (5)
- 11 i dtír iasachta, thar \_\_\_\_\_ (4)

## Síos

- 1 fíordheas, go \_\_\_\_\_ (7)
- 3 séasúr, an \_\_\_\_\_ (7)
- 4 galar forleathan (8)
- 6 tír sa Bhreatain (6)
- 8 caoi, seans (4)
- 9 scoth, an chuid is fearr, \_\_\_\_\_ (5)

Freagraí ar an leathanach deireanach



# Laogh na timpeallachta!

Tá an béabhar in aibhneacha na hÉireann le cuimhne na gcat. Tugadh go hÉirinn iad chun úsáid a bhaint as a gcuid fionnaidh. Sa naoú haois déag, bhíodh an-tóir ar hataí déanta as fionnadh. Chaitheadh na fir hataí arda, uisce-dhíonacha, leathana.

Ba ó thionscal an fhionnaidh ar Mhór Roinn na hEorpa a d'fhaighidís an t-ábhar – agus ba bheag nach ndearnadh scrios iomlán ar bhéabhair in aibhneacha na hEorpa ag an am.

Bhí fionnadh an bhéabhair san fhaisean suas go dtí lár an naoú haois déag, ach ansin thosaigh daoine ag cur suime i síoda – toisc é a bheith glioscarnach agus saor.

Leis na mílte bliain, mharaíodh lucht seilge na béabhair don fheoil. Sa lá atá inniu ann, tá ról ríthábhachtach úr ag an mbéabhar i gcosaint na timpeallachta, áfach. Laghdaíonn sé tuilte sna haibhneacha. Coinníonn sé an t-uisce glan agus cuireann le bithéagsúlacht ar fud na tíre.

Bíonn fiacra láidre ag béabhair. Briseann siad adhmaid agus itheann siad glasraí agus plandaí uisce móra garbha. Glanann siad rud ar bith a bhíonn sa bhealach agus an t-uisce ag sileadh leis sna haibhneacha.

Nuair a thógann siad dambaí beaga trasna na habhann, cruthaíonn siad linnte suaimhneacha d'éisc, do fhroganna, d'éin uisce, do sciatháin leathair agus do mhadraí uisce. Cruthaíonn siad gnáthóga do chréatúir eile freisin. Deir Pádraic Fogarty, ó Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann, gur cheart béabhair a lonnú sna portaigh ídithe triomaithe i lár na tíre chun iad a athfhliuchadh. Bheadh na béabhair ina laochra cearta timpeallachta ansin!

**fionnadh** = clúmh *fur*      **síoda** *silk*

**uiscedhíonach** *waterproof*

**glioscarnach** *shiny*

**bithéagsúlacht** *biodiversity*

**sciathán leathair** *bat*

**linn(te)** *pool(s)*      **gnáthóg** *habitat*

**Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann**

*Irish Wildlife Trust*

**lonnigh** = cuir chun cónaithe

## Tascanna

- 1 Déan taighde ar na béabhair i do cheantar dúchais. Cuir ceist ar an múinteoir eolaíochta faoin scéal.
- 2 Tarraing pictiúr den bhéabhar nó de ghnáthóg an bhéabhair.
- 3 Déanaigí plé sa rang ar thábhacht an bhéabhair don timpeallacht.



# Hanna Sheehy-Skeffington



Ba dhuine neamhghnách í Hanna Sheehy-Skeffington, a ghlac páirt in iliomad gluaiseachtaí ar son na saoirse in Éirinn céad bliain ó shin. Ba mhúinteoir, scríbhneoir, agus gníomhaí polaitiúil í sular bhain an tír seo saoirse amach sa bhliain 1922.

Bá phoblachtánach agus sufraigéid í freisin. Rugadh Hanna i gCeann Toirc, Contae Chorcaí sa bhliain 1877. Bhog an teaghlach go Droim Conrach, Baile Átha Cliath, agus bhuaileadh Hanna leis an scríbhneoir, Séamas Seoighe, go minic le linn di a bheith ansin. Sa bhliain 1899, bhain sí céim amach sa Fhraincis agus sa Ghearmáinis san Ollscoil Ríoga.

Tamall ina dhiaidh sin, fuair sí post ina seanscoil ar Shráid Eccles. Bhí ardmheas aici ar an sóisialach, Séamas Ó Conghaile. Chabhraigh sí leis bia a dháileadh ar bhochtáin Bhaile Átha Cliath i Halla na Saoirse sa bhliain 1913, nuair a dúnadh na hoibrithe amach as a n-ionaid oibre ar fud na cathrach. An *Frithdhúnadh* a thugtaí ar an tréimhse staire sin. Ní raibh pingin rua ag na daoine, ach iad ar an trá fholamh.

Pósadh Hanna le Francis Skeffington sa bhliain 1903. Chreid Francis gur cheart an vóta a thabhairt do mhná agus ba shíochánaí é leis.

Sa bhliain 1912, tharraing Hanna agus seachtar ban eile aird na meán orthu féin nuair a bhris siad fuinneoga i gCaisleán Bhaile Átha Cliath mar agóid ar son vótaí do mhná agus bhí uirthi dhá mhí a

chaitheamh i bpríosún Mhuinseo dá bharr. Ní nach ionadh é gur chaill sí a post mar mhúinteoir de bharr a cuid agóidí.



Le linn Éirí Amach na Cásca 1916, thugadh sí bia agus teachtaireachtaí do na hóglaigh in Ard-Oifig an Phoist. Tharla tragóid do mhuintir Skeffington an tseachtain chéanna. Chuaigh Francis amach ar an tsráid ag iarraidh deireadh a chur le creachadóireacht agus le gadaíocht. Rugadh air agus dhúnmharaigh oifigeach de chuid Arm Shasana, John Bowen-Colthurst, é.

Toghadh Hannah mar chomhairleoir ar Bhardas Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1920 agus chláraigh sí mar bhall d'Fhianna Fáil nuair a bunaíodh é sa bhliain 1926. Cailleadh Hanna Sheehy-Skeffington sa bhliain 1946 agus cuireadh i Reilig Ghlas Naíon í.

**frithdhúnadh** *lock-out*    **sufraigéid** *suffragette*  
**síochánaí** *pacifist*    **agóid** *protest*  
**creachadóireacht** = **scriosadh** *looting*

## Tascanna

- 1 Is tusa Hanna Sheehy-Skeffington. Scríobh litir chuig cara leat i gCorcaigh faoi do shaol i nDroim Conrach agus tú i do dhéagóir.
- 2 Déan taighde ar Fhrithdhúnadh 1913.
- 3 Cathain a fuair mná an vóta in Éirinn? Conas a tharla sé?

# Teach agam faoi dheireadh?

Tá gné nua de dhíol is de cheannach tithe ag tarlú ar fud na hÉireann. Seachas tithe a chur ar an margadh, tá daoine ag díol ticéad le haghaidh crannchuir chun tithe a dhíol! Má cheannaíonn tú ticéad don chrannchur, agus, má bhuann tú, tig leat teach a fháil ar dheich, ar fiche nó ar chaoga euro!



Creid nó ná creid, is féidir áit chónaithe a bhaint i raifil sa lá ata inniu ann. Cuireann daoine tithe i lató chun brabús a dhéanamh agus cuireann eagraíochtaí carthannacha tithe i lató chun an eagraíocht a mhaoiniú.

I samhradh na bliana 2020, léigh Michele Hallahan alt san *Irish Times* faoi iostán nó teachín gleoite i gContae Mhaigh Eo. Cuireadh an teachín i raifil chun airgead a bhailiú d'oibrithe sa chóras sláinte, a bhí sa chéad line chatha i gcoinne COVID-19. Gan an dara machnamh, cheannaigh Michele cúig thicéad ar chaoga euro. Tar éis sé seachtaine dúradh léi gur bhuaigh sí an raifil agus tugadh eochracha an iostáin di.

Baineadh geit aisti, ach bhí sí ar mhullach an tsaoil. Bhí luach milliún euro ar an iostán, ach d'éirigh leis na daoine a d'eagraigh an raifil milliún euro a bhailiú do na hoibrithe sláinte!

Ní raibh Michele in ann cuairt a thabhairt ar an teachín ar an bpointe boise, ach anois fanann sí

ann go minic agus ceapann sí gur slí éalaithe iontach é ó bhrú Chathair Bhaile Átha Cliath.



Is teachín idileach é – in áit chiúin, shíochánach ar bhruach abhann. Bíonn fadhb ag baint le raifil, áfach, mura ndíoltar go leor ticéad chun costais a ghlanadh nó chun brabús a dhéanamh don duine atá ag díol an tí. Tóg seans! Ceannaigh ticéad!

**raifil = lató      maoinigh *fund***

**idileach *idyllic***

**iostán = teachín *cottage***

**idileach *idyllic***

- 1 Tarraing plean den teach ar mhaith leat a bheith agat amach anseo.
- 2 Déanaigí plé sa rang ar na fadhbanna tithíochta in bhur gceantar.
- 3 Bhuaigh tú teach i raifil. Scríobh ríomhphost chuig cara leat faoin scéal.

## Mac Concorde!

Gach seans go mbeidh cuimhne ag do thuismitheoirí ar *Concorde*, an t-eitleán





forshonach a bhí ann ó 1976 go 2003. Bhí barrluas ag an eitleán sin de *Mach 2.04* – nó 2,179 gciliméadar san uair.

Beidh eitleán forshonach nua, *Mach Concorde*, á sheoladh ag NASA i mbliana, darb ainm an *X-59*, a bhfuil an leasainm *Mac Concorde* air. Cé nach mbeidh an *X-59* chomh gasta le *Concorde* le barrluas de *Mach 1.4*, ní bheidh an tormán sonach le cloisteáil leis. Ba é an tormán sonach sin an fáth nach raibh cead ag *Concorde* eitilt thar an talamh.

Is éard is brí le *Mach* ná luas fuaime agus tarlaíonn an tormán sonach nuair a bhriseann eitleán luas na fuaime. Beidh scáileán in áit fuinneog ag píolóta an *X-59* chun an spéir a fheiceáil. Cé nach mbeidh paisinéirí á n-iompar aige, cabhróidh an teicneolaíocht le haerlínte eitleáin a thógáil, a ligfidh do phaisinéirí taisteal i leath den am a thógann sé orthu eitilt faoi láthair.

**tormán sonach** *sonic boom*  
**forshonach** *supersonic*

### Líon isteach na bearnaí thíos

- 1 an t-eitleán \_\_\_\_ a bhí ann (Alt 1)
- 2 eitilt \_\_\_\_ an talamh (Alt 2)
- 3 luas na \_\_\_\_ (Alt 3)

## Sing 2!

1 Is deacair a chreidiúint gur tháinig an scannán *Sing* amach sé bliana ó shin. Sa chéad scannán, rinne cóala darbh ainm *Buster Moon* iarracht seó ceoil a chur ar siúl chun a amharclann a shábháil.

2 Beidh áthas ar go leor daoine a chloisteáil go mbeidh *Sing 2* le feiceáil i bpictiúrlanna ag deireadh na míosa seo. Bhí aisteoirí cáiliúla sa chéad scannán, mar shampla, Scarlett Johansson agus Reese Witherspoon, mar aon le Taron Egerton mar *Johnny* an goraille.

3 Ar ndóigh, ní hamháin go ndéanann na haisteoirí na guthanna in *Sing*, ach canann siad na hamhráin freisin. In *Sing 2*, is é Bono a dhéanann guth an charachtair *Clay Calloway*. Deirtear gur féidir leisean canadh freisin! Ach an cheist mhór ná an mbeidh *Buster Moon* in ann *Calloway* a fháil ar an ardán?



### Ceist agam ort

- 1 Cad is ainm don chóala in *Sing*? (Alt 1)
- 2 Cén ról a bhí ag Taron Egerton sa chéad scannán (Alt 2)
- 3 Cé a dhéanann guth *Clay Calloway* in *Sing 2*? (Alt 3)
- 4 Cén fáth a dtaitníonn scannáin mar *Sing* le daoine, dar leat?

## Seó Saoire 2022

B'fhéidir go bhfuil sé fós rud beag luath sa bhliain le bheith ag dul ar saoire, ach is féidir linn a bheith ag pleanáil – nó ag brionglóideach – anois agus cead againn dul ar saoire thar lear arís. Beidh Seó Laethanta Saoire ar siúl an mhí seo chun cabhrú leat d'intinn a dhéanamh suas.





Maireann *Holiday World Show* 2022 trí lá. Is féidir freastal air in Aerfort na Sionainne, i mBéal Feirste, nó san RDS i mBaile Átha Cliath, áit a mbeidh sé ar siúl ó 28 Eanáir go dtí 30 Eanáir.

Beidh sladmhargáí speisialta ar fáil ag an seó saoire. Cuirfidh saineolaithe comhairle ar fáil maidir leis na háiteanna is fearr le dul ar laethanta saoire, conas airgead a shábháil agus ansin a bheith in an tsaoire a chur in áirithe.

### Fíor nó bréagach?

- 1 Ní bheidh cead againn dul ar saoire i mbliana. (Alt 1)
- 2 Beidh an Seó ar siúl san RDS. (Alt 2)
- 3 Bíonn laethanta saoire níos costasaí ag an *Holiday World Show*. (Alt 3)

## Ná Sé Náisiún



Tá sé níos mó ná dhá bhliain anois ó d'eirigh Joe Schmidt as a phost mar bhainisteoir ar fhoireann Rugbaí na hÉireann tar éis dóibh imeacht as Corn Domhanda Rugbaí 2019 ag an gcluiche ceathrú ceannais.

Is é Andy Farrell bainisteoir na hÉireann anois. Chríochnaigh Éire sa tríú háit dhá uair i ndiaidh a chéile i gcomórtas na Sé Náisiún ó thosaigh Farrell sa phost – agus, ar ndóigh, fuair siad an lámh in uachtar ar an Nua-Shéalainn le déanaí. Beidh siad ag dúil le háit níos fearr a bhaint amach sa chomórtas an mhí seo chugainn, mar sin!

Beidh fir na hÉireann ag brath ar leithéidí Jack Conan, Tadhg Furlong, agus Hugo Keenan nuair a chuirfear tús le feachtas na Sé Náisiún ar 5 Feabhra in éadan na Breataine Bige. Tá sé suimiúil go mbeidh ar cheann den dá fhoireann dath a gcuid geansaithe a athrú, is cosúil, mar nach féidir le daoine atá dathdhall idirdhealú a dhéanamh idir na dathanna dearg agus glas!

### Fuascail na hanagraim seo ón sliocht.

tssiboeinrah (Alt 1)

trósamoc (Alt 2)

ladlhhatd (Alt 3)

### Freagraí ar an leathanach deireanach

## Taispeántas den scoth!

Cé nach bhfuil an t-earrach ach mí nó mar sin uainn, tá an geimhreadh agus aimsir an gheimhridh ann fós. Bíonn éadaí teo compordacha, ach faiseanta freisin, ag teastáil uainn. Is fearr fós, ar ndóigh, más de dheantús na hÉireann iad na héadaí sin.



Beidh Sárthaispeántas ar siúl san RDS ó 23 go 26 Eanáir, ina mbeidh éadaí agus earraí eile ar taispeántas atá déanta in Éirinn – mar aon le hearraí atá lámhdhéanta go heiticiúil agus ar bhealach inbhuanaithe.

I measc na stíleanna a bheidh le feiceáil ag an taispeántas, beidh geansaithe Árannacha.

Cé gur cinnte go mbíonn an geansaí Árannach te, b'fhéidir go gceapann tú go mbíonn sé seanfhaiseanta agus míchompordach. Bhuel, ní aontaíonn Taylor Swift leat, mar chaith an ceoltóir geansaí Árannach ar albam dá cuid. Bhí an geansaí le feiceáil ar scannáin le déanaí chomh maith. Tá dearthóirí nua-aimseartha Éireannacha ag déanamh éadaí cosúil le geansaithe Árannacha anois, atá traidisiúnta, compordach agus faiseanta ag an am céanna.



**sárthaispeántas** *showcase*    **éiticiúil** *ethical*  
**inbhuanaithe** *sustainable*



### Tasc beag duit

Dear ball éadaigh atá déanta as ábhar inbhuanaithe agus a bhfuil téama Éireannach aige. Cén saghas ábhair a mbainfidh tú úsáid as? Cé a chaithfidh é?

## Na Kooks




Tá sé cúig bliana déag ó tháinig an banna ceoil *The Kooks* le chéile in Brighton Shasana sa

bhliain 2004. Fuair an grúpa a n-ainm ó amhrán de chuid David Bowie den ainm céanna.

Is iad baill an bhanna ná Luke Pritchard, a chanann agus a sheinneann giotár, Hugh Harris ar an dordghiotár, agus Alexis Nunez ar na drumáí. Ba é *Inside In/Inside Out* an chéad albam ón ngrúpa indie seo agus d'éirigh thar barr leis. Tháinig an cúigiú halbam *Let's Go Sunshine* amach ceithre bliana ó shin.

Cuirfidh *The Kooks* tús le camchuairt in Amharclann an Olympia ar 27 Eanáir agus déanfaidh siad seacht gceolchoirm is tríocha ansin ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa, ag críochnú in Barcelona na Spáinne ar 28 Márta.

## Crosfhocal



### Trasna

- 1 seánra ceoil nua-aimseartha (5)
- 4 ceol le focail á chanadh (6)
- 7 gléas ceoil agus sé shreang air (6)
- 8 turas a dhéanann ceoltóirí (10)
- 10 Bíonn ceol agus drámaí ar siúl anseo. (10)

### Síos

- 2 gléas ceoil le fuaim trom domhain (11)
- 3 ceol agus amhránaíocht ar ardán (10)
- 5 gléas ceoil a bhuaitear (5)
- 6 baile mór cois farraige i Sasana (8)
- 9 ceirnín fada (5)



# Cluastuiscint (CD 2)

## CUID A

Cloisfidh tú dhá cheann d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

### Fógra a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

|                                               |  |
|-----------------------------------------------|--|
| Céard a mholtar do sheandaoine?               |  |
| Cén aois is gá do dhuine a bheith?            |  |
| Luaigh comhlacht taistil amháin atá i gceist. |  |
| Cá bhfuil tuilleadh eolais ar fáil?           |  |

### Fógra a Dó

- 1 Cén ollscoil ina bhfuil Deirdre?  
\_\_\_\_\_
- 2 Luaigh aidhm an chúrsa.  
\_\_\_\_\_
- 3 Ainmnigh ceann amháin de na stáisiúin raidió.  
\_\_\_\_\_
- 4 Cathain a thosóidh an cúrsa?  
\_\_\_\_\_

## CUID B

Cloisfidh tú dhá cheann de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh faoi dhó. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

### Comhrá a hAon

An Chéad Mhír

- 1 Cén spórt a imríonn Tomás?  
\_\_\_\_\_
- 2 Cathain a thosaigh sé ag imirt an chluiche sin?  
\_\_\_\_\_
- 3 Ainmnigh a chontae dúchais.  
\_\_\_\_\_

An Dara Mír

- 1 Conas tá ag éirí le foirne iomána Chorcaí?  
\_\_\_\_\_
- 2 Cén rud nach dtaitníonn le Tomás faoi chúrsaí spóirt in Éirinn?  
\_\_\_\_\_

### Comhrá a Dó

An Chéad Mhír

- 1 Cárb as Uncail Peadar?  
\_\_\_\_\_
- 2 Conas tá an tsláinte aige?  
\_\_\_\_\_
- 3 Ainmnigh an Ollscoil ina bhfuil Cáit.  
\_\_\_\_\_

An Dara Mír

- 1 Cén scéal atá cloiste míle uair ag Cáit?  
\_\_\_\_\_
- 2 Ainmnigh fadhb amháin a luann sí.  
\_\_\_\_\_

## CUID C

Cloisfidh tú dhá cheann de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

### Píosa a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

|                                 |  |
|---------------------------------|--|
| Áit ina mbeidh an mhonarcha nua |  |
| Líon daoine a gheobhaidh post   |  |
| Sórt earraí a bheidh i gceist   |  |

### Píosa a Dó

- 1 Cad deirtear faoin halla nua?  
\_\_\_\_\_
- 2 Cén áit a dtéann daoine istoíche?  
\_\_\_\_\_
- 3 Luaigh fadhb amháin atá ag go leor daoine.  
\_\_\_\_\_

# Drochlá san ionad oibre



**Tháinig said chuig an bpíosa a thaispeáin Tiarnán ag teacht isteach sa siopa agus iad ag comhrá le chéile ar feadh cúpla nóiméad.**







**Níor thaitin sé le Daire bréag a insint don bhainisteoir, ach bhí cairdeas idir é féin agus Tiarnán ó bhí siad óg agus dílseacht aige dó dá réir... in ainneoin an drochrud a bhí déanta aige.**



# Ábhar machnaimh agus tasc daoibh!

**Éistigí leis an múinteoir ag léamh tús an scéil agus sibh ag féachaint ar an scéal grafach.**



## Freagraí na ceisteanna seo.

- 1 “Níor thóg mise aon airgead,” ar seisean. Cad a thug ar Dhaire é sin a rá, dar leat?
- 2 Cad iad na smaointe a bhí in aigne an bhainisteora, i do thuairimse? An dóigh leat go raibh sé amhrasach faoi Dhaire?

- 3 Dá mbeifeá féin in áit Dhaire, conas a mhothófá?
- 4 Cár imigh an t-airgead, dar leat féin?



## Tasc duit!

**Scríobh achoimre ghairid ar ar tharla i gcuid a dó den scéal.**

## Tuilleadh ceisteanna duit!

- 1 Cad iad na bréaga a d’inis Daire, de réir an phictiúir thuas?
- 2 Cén fáth ar inis sé bréaga Majella McLaughlin, Carndonagh, Co. Dhún na nGall is pictured with her cheque for



# Cluastuiscint (CD 3)

## CUID A

Cloisfidh tú dhá cheann d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

### Fógra a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

|                                        |  |
|----------------------------------------|--|
| Post Róisín                            |  |
| Fadhb amháin atá le sárú               |  |
| Líon daoine i dtithe plódaithe áirithe |  |
| Duine a chuirfidh comhairle ar fáil    |  |

### Fógra a Dó

- 1 Ainmnigh an contae a luaitear.
- 2 Luaigh dream amháin a bhfuil na gardaí ag iarraidh breith orthu.
- 3 Cén sórt feithiclí is mó a scrúdófar?
- 4 Breac síos rud amháin a deir an Sáirsint.

## CUID B

Cloisfidh tú dhá cheann de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh faoi dhó. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

### Comhrá a hAon

- An Chéad Mhír
- 1 Cén fáth a bhfuil Proinsias neirbhíseach?
- 2 Conas a éiríonn le Treasa é a chur ar a shuaimhneas?
- 3 Cad tá imithe ó smacht ar fad?

An Dara Mír

- 1 Conas a bheidh an scéal i gceann roinnt blianta, dar le Proinsias?
- 2 Cad deir sé faoi chomhlachtaí?

### Comhrá a Dó

- An Chéad Mhír
- 1 Céard a cheapann an buachaill faoi chruth an óstáin?
- 2 Cad is aois don bhuachaill?
- 3 Cén sórt poist atá uaidh?

An Dara Mír

- 1 Cén fáth nár inis sé dá thuismitheoirí go raibh post á lorg aige?
- 2 Luaigh an ráta pá a bheidh i gceist.

## CUID C

Cloisfidh tú dhá cheann de phíosáí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

### Píosa a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

|                                                   |  |
|---------------------------------------------------|--|
| Cá bhfuil Éadaoin ag obair?                       |  |
| Ainmnigh an folúntas atá ann.                     |  |
| Luaigh rud amháin ar féidir a chur sa ríomhphost. |  |

### Píosa a Dó

- 1 Cén bord a bhfuil Réamonn ag obair leis?
- 2 Luaigh trí chaitheamh aimsire atá ar fáil.
- 3 Cén gheallúint a thugtar?

# Rugbaí do sheachtar!

Mealladh daoine ar fud an domhain ag an rugbaí sna Cluichí Oilimpeacha sa bhliain 2016. Ní hamháin sin, ach bhí siad meallta ag Fidsí freisin. Ba iad na fir ón oileán beag sin san Aigéan Ciúin a bhuaigh an bonn óir den chéad uair a imríodh rugbaí ag na Cluichí Oilimpeacha. Ní hamháin sin, ach ba é sin an chéad bhonn Oilimpeach a bhuaigh Fidsí riamh!



Ní gnáthrugbaí atá sa rugbaí seachtair, ar ndóigh. Mar atá le tuiscint ón ainm, ní bhíonn ach seachtar imreoirí ar an bpáirc i gcomparáid le cúig dhuine déag. Ní mhaireann an chéad nó an dara leath imeartha daichead nóiméad ach oiread. Ní mhaireann siad ach seacht nóiméad! Sin ceithre nóiméad déag ar fad. Ach mar sin féin, tá an pháirc imeartha díreach chomh mór céanna.




Ba sa bhliain 1883 a tháinig beirt bhúistéirí in Albain ar an smaoineamh an cluiche seo a imirt. De bharr an tréimhse ama agus an méid imreoirí a bheith níos lú, tá an spórt seo i bhfad níos tapúla ná gnáthrugbaí. Dífear mór eile is ea fisiciúlacht agus láidreacht choirp.

Sa lá atá inniu ann tá go leor athruithe ag tarlú i rialacha an rugbaí chun an cluiche a dhéanamh níos sábháilte do na himreoirí. Ar ndóigh, is gné thábhachtach den chluiche í an chlibirt, ach bíonn an gortú agus an damáiste a tharlaíonn dá bharr tromchúiseach i gcásanna áirithe.

**meall** *beguile, attract*    **clibirt** *scrum*

## Crosfhocal daoibh



### Trasna

- 3 seacht nduine (8)
- 6 tír a bhuaigh bonn óir (5)
- 8 tír sa Bhreatain (6)
- 10 duais ag na Cluichí Oilimpeacha (4)
- 11 bréagadh, tarraingt chuig (8)
- 12 imreoirí ag brú i gcoinne a chéile (7)
- 13 ceathracha (8)

### Síos

- 1 teoracha iompair, cód smachta (8)
- 2 piosa talaimh agus uisce thart air (6)
- 4 cluiche le liathróid ubhchruthach (6)
- 5 dochar, díobháil (8)
- 7 slán (9)s
- 9 duine ag imirt (7)





# Peil na Mí

Agus mé ag fás aníos i gcontae na Mí i lár na nóchaidí, cheap mé go raibh an fhoireann peile ab fhearr ar domhan ag imirt sa chontae. Fir mhóra, láidre ar nós Tommy Dowd, Martin O'Connell, Graham Geraghty agus, ar ndóigh, Trevor Giles. Bhuaigh Contae na Mí Craobh na hÉireann sa bhliain 1996, ach diaidh ar ndiaidh, thosaigh na laochra móra ag éirí as. Faraor, ní raibh an tallann chéanna ag teacht chun cinn tar éis dóibh imeacht.

Tá sé fiche bliain ó bhí fir na Mí i bpáirc an Chrócaigh i mí Mheán Fómhair! Chaill siad i gcoinne na Gaillimhe an bhliain sin.

Níor ardaigh na fir mo chroí ach oiread sa bhliain 2021, ach d'éirigh le mná na Mí ardú croí a thabhairt dúinn ar fad nuair a bhuaigh siad, i gcluiche den scoth, ar mhná Bhaile Átha Cliath sa chraobh!



Seacht n-uair a thug foirne na bhfear Corn Mhig Uidhir ar ais leo go dtí an Contae Ríoga. Agus ba í seo an chéad uair do na mná Corn Bhreandáin Uí Mháirtín a ardú. Táim ag ceapadh, áfach, le foireann óg spleodrach, go bhfuil an-seans ann go mbeidh an corn céanna ag déanamh an turais ghairid arís amach anseo.

## Ábhar díospóireachta

*Is fiú go mór peil na mban a leanúint.*

## Spraoi daoibh!

An féidir libh na hanagramm thíos a scaoileadh?

*iM cpáir norc nnfoiera faáhc  
strua caetno eilp rhalhacia*

# Chiedozie Ogbene

Ba é Chiedozie Ogbene an chéad fhear ón Afraic a d'imir sacar d'fhoireann náisiúnta na hÉireann riamh. Bhí sé ocht mbliana d'aois nuair a bhog a theaghlach ó Lagos, sa Nigéir, go Corcaigh. D'aistrigh Chiedozie go bunscoil Chríost Rí agus d'imir sé peil ghaelach le *Nemo Rangers*.



Ach ba é sacar an príomhspórt aige. D'imir sé le *Cork City* i Sraith na hÉireann ar feadh bliana agus ansin le Luimneach. Sa bhliain 2018, fuair sé an seans bogadh go Sasana agus go Londain. Ní bhfuair sé mórán cluichí le *Brentford* agus, tar éis dó dul ar iasacht go *Exeter City*, shocraigh *Brentford* é a dhíol le *Rotherham*.

Tar éis dó breis is caoga cluiche a imirt le *Rotherham*, thug Stephen Kenny cuireadh dó imirt ar fhoireann na hÉireann i mí na Bealtaine!

Ar an ochtú lá de mhí an Mheithimh, rith sé amach ar pháirc peile i t-léine glas na hÉireann le himirt i gcoinne na hUngáire! I rith an chluiche, bhí lucht leanúna na hUngáire ag feadaíl i gcoinne imreoirí gorma na hÉireann. D'iarr Chiedozie ar *UEFA* fiosúrachán a dhéanamh faoin mí-iompar sin. Ní gá a rá nach bhfuil aon áit aige do chiníochas sa spórt!

**ciníochas** *racism*

Meaitseáil na focail/frásaí ar chlé le focail/frásaí ar aon dul leo sa cholún ar dheis.

|               |                          |
|---------------|--------------------------|
| foireann      | dream tacaíochta         |
| an séú mí     | in éadan                 |
| lucht leanúna | drochiompar              |
| an Nigéir     | grúpa ag imirt le chéile |
| i gcoinne     | deis                     |
| mí-iompar     | Meitheamh                |
| seans         | tír san Afraic           |



## Tatúnna

Tá fianaise againn go raibh an duine daonna ag déanamh ealaíne ar an gcorp le níos mó ná cúig mhíle bliain. Aimsíodh corp (mumaí) Ötzi sa bhliain 1991 agus ceaptar go bhfuil 61 líníocht ar a chorp. Ní thuigtear cén chúis atá leo, ach is léiriú é nach inné ná inniu a cuireadh tús leis an ealaín ar a dtugtar 'tatú'.

Tá tatú ag níos mó ná 35% de mhuintir na hÉireann. Cé go gceapann níos mó ná 54% de na saoránaigh gur drochsmaoineamh é tatú a bheith agat agus tú ag lorg poist, tá sé an-fhaiseanta faoi láthair dúch a bheith ar do chraiceann.





I roinnt cultúr, ar nós na Maorach sa Nua-Shéalainn, tá an-tábhacht ag baint leis an tatú. Is léiriú é ar an stádas atá ag duine sa phobal. *Ta Moko* a thugtar air agus bíonn brí éagsúil le gach íomhá – ar nós *pakati*, focal a chiallaíonn cóta an mhadra agus a léiríonn misneach agus cumhacht – nó *unaunahi*, a chiallaíonn gainní éisc agus a léiríonn neart agus sláinte.



Is minic a bhíonn aghaidh iomlán an Mhaoraigh clúdaithe le tatúnna. Is ábhar naofa é an aghaidh dóibh agus an té a mbíonn tatúnna ar a aghaidh aige, bíonn stádas an-ard aige i súile an phobail.

**líníocht** *drawing*    **maorach** *maori*  
**gainne** *scale*

## Déanaigí plé ar na pointí seo a leanas.

- Cad is ealaín ann?
- An gá dul chuig gailearaí chun ealaín a fheiceáil?
- An bhfuil ealaín i gceist i gcúrsaí faisin?
- An bhfuil an tuiscint ar ealaín éagsúil ó thír go tír?
- An bhfuil aon bhaint ag cúrsaí ríomhaireachta le healaín?

## Zidane v Materazzi



Sa bhliain 2006, ar an naoú lá de mhí Iúil, sa Staid Oilimpeach i mBeirlín, labhair Iodálach abairt amháin le Francach agus bhuail taom feirge an Francach. Mhaslaigh Marco Materazzi deirfiúr Zinedine Zidane ar bhealach chomh dona sin gur thug Zidane poc lena cheann díreach isteach i gliabhrach Materazzi.

Ar ndóigh, tugadh cárta dearg do Zidane dá bharr agus chaill na Francaigh craobh peile an domhain.

Bhí Zidane i mbarr a mhaitheasa ag an am. Deirtear go raibh sé ar intinn aige éirí as a bheith ag imirt d'fhoireann náisiúnta na Fraince tar éis an corn domhanda. Maidir le Materazzi, ba ghnáthchosantóir é ar theip air i bpeil Shasana go luath ina shaol. Imreoir salach, crosta, díocasach a bhí ann agus is mór an trua gur éirigh leis deireadh a chur le ré órga Zidane mar a rinne sé.



Bhí Zidane ar nós damhsóra ar an bpáirc peile. Ghluaiséadh sé go tapa leis an liathróid agus í faoi smacht aige agus bhíodh smaoineamh i gcónaí aige conas fadhb a réiteach ar bhealach dochreidte. Mar a dúirt Emmanuel Petit faoi, “Dá mbeimis i bponc ar an bpáirc, thugaimis an liathróid do Zidane agus dhéanadh seisean an chuid eile!”

**cliabhrach = ucht**

## Spraoi!

Cé mhéad focal is féidir libh a scríobh ag baint úsáide as na litreacha sa fhrása *i mbarr a mhaithéasa*?

## Tráth na gceist

- 1 Cén banna ceoil a dhíol an méid is mó ceirníní riamh?
- 2 An mó mí ina bhfuil 28 lá?
- 3 Cén tír inar rugadh Ludwig van Beethoven?
- 4 Cén contae a bhuaigh Craobh na hÉireann i bpeil na bhfear sa bhliain 2021?
- 5 Céard é an calafort is mó ar domhan?
- 6 Tá cúigear mac ag Séamas. Tá deirfiúr ag gach duine de na mic. Cé mhéad páiste atá ag Séamas?
- 7 Cén t-ainmhí a bhí ar an mbonn point Éireannach?
- 8 Céard is ainm don phríomhcarachtar sa

leabhar *His Dark Materials* le Philip Pullman?

- 9 Cé a fuair an cúl a bhuaigh an *Champions League* do Manchester United sa bhliain 1999?
- 10 Cén dath atá ar shíol lus na gréine?

## Cúinne na gramadaí

Is  liom Gaeilge

### Séimhiú

#### Leid

- ☛ Cuirtear **séimhiú** ar fhocail a thosaíonn ar **chonsan** nuair a leanann siad na focail seo.

do ó sa má faoi mo roimh  
trí ní don nuair a níor de

**Samplaí\*** thíos

- ☛ Leanann **séimhiú** na **réimíreanna** **ró-** agus **an-**


Bhí Diarmaid **rómhór** dá bhróga.

D'ith Seán ceapaire **an-mhór**

- ☛ Ní chuirtear **séimhiú** ar na litreacha **l, n ná r** riamh.

### \*Samplaí

- Thug mé an leabhar **do Chiarán**.
- D'eitil an t-éan **ó thír** go tír.
- Bhí mo mháthair **sa charr** nuair a tharla an timpiste.





- Gheobhaidh mé uachtar reoite duit **má bhíonn** tú deas liom.
- Chuala mé Áine ag caint **faoi Phól**.
- Cheannaigh mé **mo mhála** sa siopa spóirt.
- Chuir mé fáilte roimh **Sheosamh**.
- Chuaigh an teach **trí thine** aréir.
- **Ní dhéanann** tú go leor obair bhaile!
- Thug an múinteoir íde béil **don chailín**.
- Bíonn sé déanach go leor san oíche **nuair a thagann** Mam abhaile.
- **Níor dhún** sé an doras in aon chor.
- D'fhiafraigh mé **de Chiara** cá raibh sí.

- 17 seacht nduine dhéag    19 naoi nduine dhéag  
18 ocht nduine dhéag    20 fiche duine



b c o p s m p s t

### Leid

- ☛ Leanann séimiú na bunuimhreacha 1-6.

1 2 3

aon **chupán**

dhá **dhoras**

trí **fheadóg**

4 5 6

ceithre **gheansaí**

cúig **mhála**

sé **phictiúr**

- ☛ Leanann **urú** na bunuimhreacha 7-10

seacht **gcóipleabhar**

ocht **dtimpiste**

naoi **bhfáinleog**

deich **ngaráiste**

### Leid

- ☛ Fághtar ainmfhocail san **uimhir uatha** nuair a leanann siad **uimhreacha pearsanta** a chríochnaíonn ar **náid**.

fiche **duine**

tríocha **cailín**

daichead **fear**

- ☛ I gcás an **uimhir iolra** cuirtear na daoine sa **ghinideach iolra**.

beirt **bhan**

triúr **cailíní**

ceathrar **buachaillí**

### Cén aois thú?



Eisceacht is ea an focal **bliain!** Déan staidéar ar an tábla seo.

|                           |                       |
|---------------------------|-----------------------|
| aon <b>bhliain</b> amháin | sé <b>bliana</b>      |
| dhá <b>bhliain</b>        | seacht <b>mbliana</b> |
| trí <b>bliana</b>         | ocht <b>mbliana</b>   |
| ceithre <b>bliana</b>     | naoi <b>mbliana</b>   |
| cúig <b>bliana</b>        | deich <b>mbliana</b>  |

### Samplaí


- Tá mé **trí bliana déag** d'aois.
- Tá sise **dhá bhliain déag** d'aois.
- Tá mo dheirfiúr **seacht mbliana déag** d'aois.

### Ag comhaireamh daoine!



- |                |                         |
|----------------|-------------------------|
| 1 duine amháin | 9 naonúr                |
| 2 beirt        | 10 deichniúr            |
| 3 triúr        | 11 aon duine dhéag      |
| 4 ceathrar     | 12 dháréag              |
| 5 cúigear      | 13 trí dhuine dhéag     |
| 6 seisear      | 14 ceithre dhuine dhéag |
| 7 seachtar     | 15 cúig dhuine dhéag    |
| 8 ochtar       | 16 sé dhuine dhéag      |

## Orduimhreacha!



### Ainmfhocail ag tosú ar *ghuta*

- |                   |                    |
|-------------------|--------------------|
| 1 An chéad áit    | 6 An séú háit      |
| 2 An dara háit    | 7 An seachtú háit  |
| 3 An tríú háit    | 8 An t-ochtú háit  |
| 4 An ceathrú háit | 9 An naoú háit     |
| 5 An cúigiú háit  | 10 An deichiú háit |

### Ainmfhocail ag tosú ar *chonsan*

- |                  |                  |
|------------------|------------------|
| 11 An chéad chú  | 16 An séú cú     |
| 12 An dara cú    | 17 An seachtú cú |
| 13 An tríú cú    | 18 An t-ochtú cú |
| 14 An ceathrú cú | 19 An naoú cú    |
| 15 An cúigiú cú  | 20 An deichiú cú |



### Ainmfhocail ag tosú ar *d, t* nó *s*

Gan aon athrú!

- |                    |                      |
|--------------------|----------------------|
| 1 An chéad doras   | 6 An séú sórt        |
| 2 An dara teach    | 7 An seachtú duine   |
| 3 An tríú siopa    | 8 An t-ochtú soicind |
| 4 An ceathrú deoch | 9 An naoú tánaiste   |
| 5 An cúigiú tine   | 10 An deichiú teanga |

## Athscríobh na habairtí seo gan na lúibíní.

- 1 Bhuaigh Pól an bonn óir. Tháinig sé sa (1ú \_\_\_\_\_) sa rás.



- 2 Labhair an príomhoide go séimh tuisceanach leis na daltaí sa (6ú bliain).
- 3 Chonaic mé (3 bád) ar an bhfarraige inné.
- 4 Téann (3 dalta) ag siúl liom ag am lóin gach lá.
- 5 Tá Pól (16 bliain) d'aois.
- 6 Thaitin an (2ú bliain) go mór liom ar scoil.
- 7 Chroch mé (3 geata) le m'uncail ag an deireadh seachtaine.



- 8 Bhí mé ag mothú go maith nuair a d'ith mé an (3ú úll).
- 9 Tháinig (2 garda) isteach sa scoil inné.
- 10 Chonaic mé (7 luchóg) ag rith isteach faoin staighre ag an deireadh seachtaine.
- 11 Bhí áthas (ar Máire) nuair a (buaigh) sí an crannchur.
- 12 Poppy is ainm (do mo madra).
- 13 Chuaigh (ceithre teach) (trí tine) aréir mar gheall (ar tintreach).



- 14 Tháinig eagla (ar Rachel) nuair a chonaic sí an púca.
- 15 Labhair (mo aintín) (le a iníon) aréir ar an bhfón.
- 16 D'imigh Pól isteach (sa páirc) agus an sliotar ina láimh aige.



- 17 Cheannaigh mo mháthair cáca milis (do + an + cóisir)
- 18 (Ní téigh) mé chuig an mbialann gach lá, mar is dóigh liom go bhfuil an bia (ró- + costasach).
- 19 Cheap mé go raibh an carr sin (an- + mór) nuair a (tiomáin) mé é ar dtús.
- 20 Ar (clois) tú faoi (Conchúr)? Tá sé (ró- + tinn) le teacht ar scoil.




## Dialann mhachnaimh

Freagair na ceisteanna seo thíos agus cabhróidh siad leat machnamh a dhéanamh ar an gcaibidil seo!



- ☒ Cad a d'fhoghlaim mé?
- ☒ Míniú ar ar fhoghlaim mé
- ☒ Mo shamplaí féin
- ☒ Obair atá le déanamh agam fós?
- ☒ Cuir bunuimhreacha roimh *bliain*!
- ☒ Smaoinigh ar roinnt samplaí d'uimhreacha pearsanta agus d'orduimhreacha. Scríobh síos na samplaí sin.



# Leathanach na bhfreagraí

Ar saoire sa bhaile!



Rugbaí do Sheachtar



Na Sé Náisiún  
(anagram)

bainisteoir  
comórtas  
dathdhall



Peil na Mí (anagram)

Mí páirc corn foireann áfach  
turas contae peil rialacha



Na Kooks



Tráth na gCeist

- 1 The Beatles
- 2 12
- 3 An Ghearmáin
- 4 Tír Eoghan
- 5 Shang-hai
- 6 6
- 7 Fia
- 8 Lyra
- 9 Ole Gunnar Solskjaer
- 10 Liath nó dubh

